Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13727/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0159 (NLE)**

**PROBA 39**
**DEVGEN 167**
**FORETS 83**
**WTO 87**
**RELEX 1269**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar<br>- Glacadh |

1. An 18 Iúil 2017, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le ballraíocht an Aontais sa Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (11409/17).

2. An 24 Iúil 2025, tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí (PROBA) ar chomhaontú maidir le togra athbhreithnithe ón Uachtaránacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle agus d'aontaigh sí gur cheart toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir le tarraingt siar an Aontais ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar.

3. An 16 Meán Fómhair 2025, dhearbhaigh an Chomhairle an comhaontú ar thángthas air in PROBA i bprionsabal agus d'iarr sí toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

4. An 8 Deireadh Fómhair 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tarraingt siar an Aontais ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar.

5. Tabharfar an fógra i scríbhinn faoin tarraingt siar ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar d'Ardrúnaí an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar faoin 1 Samhain le bheith éifeachtach ón 30 Meitheamh den bhliain féilire ina dhiaidh sin.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

- an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar, mar a leagtar amach in 11951/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.